Plean d'Athoscailt Gaelscoil Chluain Dolcáin 27.8.2020

A Thuismitheoir /a Chaomhnóir,

Tá súil agam go bhfuil sibh uile ar fónamh agus gur bhain sibh sult as an samhradh.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna tar éis " Treochlár Chun Filleadh go hiomlán ar an Scoil" a éisiú,atá le feiscint ar an suíomh scoile, in éineacht le litir ón Aire Norma Foley. Athróidh reachtáil Gaelscoil Chluain Dolcáin de réir na treoracha seo. Tá freagracht ar an scoil sláinte,sábháilteacht agus folláin phobal na scoile a chinntiú.

B'inmholta é go bhfillfeadh chuile páiste ar an scoil, ag glacadh leis go dtacaíonn sé le comhairle sláinte poiblí agus le treoracha na Roinne. Tá sé dodhéanta an baol a bhaineann le galrú ón víreaschorónach a sheachaint go iomlán ach le tacaíocht agus comhoibriú éireoidh linn an baol seo a laghdú. Beimid ag brath go mór ar dea-thoil phobail na scoile chuige seo.

- **Cur i bhfeidhm:**

Tá an scoil roinnte i dhá zón – Gorm agus Glas. Beidh am tosaithe lá na scoile bunaithe ar an zón ina bhfuil an rang áirithe sin. Oibreoidh na páistí i gcóras Bolgáin/Neide. Fanfaidh siad lena rang féin agus ní mheascfaidh siad le ranganna eile. Beidh uaireanta scagaithe súgartha ag na ranganna, ag brath ar an zón ina bhfuil siad (gorm nó glas) Beidh idir dhá agus trí rang sa chlós ag aon am amháin agus beidh an clós marcáilte go cuí.((Ní mheascfaidh na ranganna le chéile) Beidh na trí chlós á n-úsáid againn ag an dá am lóin, agus ag am sosa.
Beidh díghalráin lámh ar fáil sna ranganna uile (B'fhiú go mór go mbeadh a ndíghalráin féin ag na páistí le glanadh lámh rialta a chinntiú).Fanfaidh na páistí ina rang féin agus ní bheidh siad ag bogadh thart timpeall na scoile. **Ní bheidh tuismitheoirí ceadaithe ar an suíomh ar maidin**, seachas na Naíonáin Shóisearacha. Beidh cead **ag tuismitheoir/caomhnóir amháin** teacht ar an suíomh ag am dul abhaile chun a bpáistí a bhailiú.

- **Socruithe nua:**

Sa Bhaile: Ní mór duit labhairt le do pháistí faoi scaradh sóisialta agus faoi dea-shláinteacahas lámh agus corp. Beimid ag caint leo sa scoil freisin mar gheall ar cad lena bhfuilimid ag súil maidir le Covid 19 agus dea - shláinteachas.Beidh postaeirí ar crocadh sa scoil le eolas maidir le fanacht slán.

Mála Scoile: Beidh dhá chás peann luaidhe ag teastáil ó do pháiste-ceann amháin le fágáil ar scoil ar an gcéad lá agus ceann eile le coinneáil sa bhaile.Ní bheidh cead aon fhearas bhreise a thabhairt ar scoil. Níl gá de na Naíonáin seo a dhéanamh. Ní bheidh ag teastáil ach bosca lóin agus deoch(Beidh cosc ar bhréagáin).Beidh cead a díghalráin pearsanta a bheith acu.

Na Zóin:

Tá an scoil roinnte i ndá dath, Glas agus Gorm. Tosnóidh agus críochnóidh na zóin ag amanta difriúla agus beidh am sosa scagtha freisin.

Tá na ranganna roinnte mar seo

Zón Glas	Zón Gorm
Naíonáin Shins	Naíonáin Shóis
Rang 1	Rang 2
Rang 3	Rang 4
Rang 6	Rang 5



❖ **Am Tosnú**

Tosnóidh na zóin ag na hamanna seo.

8:40	Zón Glas
8:55	Zón Gorm

Tosnóidh na Naíonáin Shóisearacha ag 9:15 do mhí Mheán Fómhair.

❖ **Ag teacht ar Scoil ar maidin:**



Osclófar geataí na scoile ag 8.35 r.n do na páistí sa Zón Glas. Tiocfaidh do pháiste trí gheata A, B nó C ag brath ar an zón (beidh comharthaí ann, agus beidh fís feicthe acu ag míniú an chórais roimh theacht ar ais) Níl cead ag tuistí teacht ar an suíomh seachas do na Naíonáin Shóisearacha Chun brú tráchta agus brú coisithe a sheachaint, iarraimid oraibh teacht chun na scoile ag na hamanta éagsúla, de réir an zóin ina bhfuil do pháiste/rang do pháiste. Cabhróidh sé seo le laghdú ar an mbrú. Siúlfaidh na páistí ó Naíonáin Shinsir – Rang a 6 isteach sa scoil leo féin. Ní bheidh cead ag tuismitheoirí teacht isteach ar shuíomh na scoile ar maidin. Beidh Cairde na Scoile ar an suíomh chun na páistí a stiúradh agus cabhrú leo más ghá. Siúlfaidh siad díreach isteach ina rang féin gan stopadh. Beidh múinteoir ann chun féitheoireacht a dhéanamh ó 8.35 ar aghaidh. Gheobhaidh gach rang treoracha i bhfoirm físe ag míniú cén geata agus cén doras a bheidh in úsáid acu le teacht agus imeacht ó fhoirgneamh na scoile.

Geata A: Rang 5 & 6
Geata B: Rang 3 & 4
Geata C: Naíonáin Shóisearacha (Junior Infants)
Naíonáin Shinsearacha (Senior Infants)
Rang 1 & 2

Iarraimid ar na páistí teacht ar scoil in am ionas nach mbeidh slua ag cruinniú le chéile. Beidh comharthaí cuí marcáilte timpeall na scoile le cabhrú le teacht agus imeacht na bpáistí. Níl cead ag tuismitheoirí teacht isteach sa scoil, seachas tuismitheoirí Naíonáin Bheaga. Is féidir leo siúd siúl díreach go dtí an rang/múinteoir ranga lena gcuid páistí. Iarrtar oraibh 2 mhéadar scaradh sóisialta a choimeád.

Comhthionól: Iarraim ar na tuismitheoirí an scoil a fhágáil láithreach tar éis dóibh a gcuid páistí a fhágáil ar scoil agus gan a bheith ag fanacht thart.
Ní bheidh cead ag tuismitheoirí teacht isteach chuig foirgneamh na scoile.

❖ **Bailiú na bPáistí: Córás Aon-Bealach**

Beidh córas aon-bhealach i bhfeidhm don am seo. Beidh cead ag tuismitheoirí teacht ar an suíomh. Beidh láthair bailithe ag gach rang, agus beidh comharthaí ag gach láthair agus ainm ranga air. Is féidir le tuismitheoirí páistí a bhailiú ón láthair bailithe sin, agus siúl ar aghaidh ar an gcóras aontreo, agus tríd an ngeata éalaithe cuí amach ón scoil.



❖ **Ionaid Bailiúcháin**

Ionaid Bailiúcháin	Zón Glas	Zón Gorm
1	Naíonáin Shinsearacha - Gearóid @ 1.20pm	Naíonáin Shóisearacha - Rebecca
2	Naíonáin Shinsearacha - Caitríona @ 1.20pm	Naíonáin Shóisearacha - Alice
3	Rang 3 – Cáitlín/Katie @ 2.20pm	Rang 4 - Aisling @ 2:35pm
4	Rang 3 – Gemma @ 2.20pm	Rang 4 - Ciara @ 2:35pm
5	Rang 1- Máire De Buitléir @ 2.20pm	Rang 2 - Laura @ 2.35pm
6	Rang 1- Éabha @ 2.20pm	Rang 2 - Stiofáinín @ 2.35pm
7	Rang 6 – Cárthaigh @ 2.20pm	Rang 5 Caoimhe @ 2.35pm
8	Rang 6 – Brianna @ 2.20pm	Rang 5 Shane @ 2.35pm

.

**Mura mbailítear an páiste,is gá dó/di filleadh ar an seomra ranga agus cuirfear glaoch ar an tuismitheoir/ gcaomhnóir. Ní mór daoibh é seo a phlé sa bhaile.*

- **Ranganna Breise:**

Ní bheidh aon ranganna breise sa chéad téarma. Cuirfear aon athrú in iúl daoibh.

- **Cumarsáid:**

Má theastaíonn uaibh dul i dteagmháil leis an scoil, cuir glaoch nó seol ríomhphost.Beidh seolta ríomhphost phobal na scoile á mbailiú, le bhur gcead, agus bainfear úsáid as an gcóras seo le heolas tábhachtach a scaipeadh. Is féidir glaoch ar oifig a scoile nó nóta a chur i scríbhinn. Ní bheidh an foireann scoile ar fáil le haghaidh cruinnithe pearsanta le tuismitheoirí.Déanfar aon teagmháil práinneach trí ghlaoch ghutháin/nóta.

I gcás práinne, más gá duit teacht isteach as scoil, ní mór duit do lámha a ní, aghaidh fhidil a chaitheamh agus síniú isteach (contact tracing log). Ní scaoilfear isteach ach tuismitheoirí atá tar éis cruinniú a shocrú roimhré.

Éide Scoile:
Tabharfaidh an múinteoir ranga treoir, le linn na seactaine tosaithe,maidir le culaith reatha/éide scoile a chaitheamh.

Dea-chleachtas:
Déanfar sár-iarracht treoracha na Roinne a leanacht chun gach iarracht a dhéanamh pobal na scoile a choimeád slán agus sábháilte le linn an ama seo. Ar scáth a chéile a mhairimid agus ní mór athraithe a dhéanamh chuige seo.

- **Dul i ngleic le cásanna amhrasta Covid-19:**

Ní cóir do dhaltaí freastal ar scoil má tá comharthaí ar bith COVID 19 acu. Má léiríonn dalta comharthaí an víris ar scoil, seo a leanas a tharlóidh:
Déanfar teagmháil le tuismitheoirí/ caomhnóirí láithreach.
Tabharfar an dalta ag an limistéar leithlisithe ainmnithe sa scoil in éineacht le ball ainmnithe foirne a fhanfaidh 2 mhéadar amach. Déanfar cinnte go bhfanfaidh an dalta 2 mhéadar ó ghach éinne eile ar scoil.
Tabharfar clúdach aghaidhe don dalta agus caithfidh sé /sí é a fhad ia atá sé ar scoil.
Déanfar cinnne an gá don dalta dul díreach abhaile, glaoch ar a d(h)ochtúir agus leanacht le féin-leithlise.
Cuirfear socruithe leithlise ar fáil don dalta murar féidir leo dul abhaile láithreach.
Iarrfar ar an dalta dea-shláinteachas lámh agus srón a chur I bhfeidhm.
Má tá an dalta sláintiúil go leor le dul abhaile, eagrófar é le ball clainne, comh luath agus is féidir agus tabharfar comhairle dul I dteagmháil leis an dochtúir.
Má tá an dalta ró-bhreoite,cuirfear glaoch ar 999 nó 112 chu a chur in iúl gur Cássio amhrasta Covid 19 atá ann.
Déanfar socruithe chun glantachán cuí a dhéanamh ar an limistéar leithlise agus oibre.

Cuirfidh Sláinte Poiblí FSS aon bhaill foirne/tuismitheoirí//caomhnóirí a raibh dlúth-theagmháil acu leis an gcás atá diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas um rianú teagmhálaithe agus rachando siad I dteagmháil leis na daoine ábhartha go léir más rud é go ndéanfar COVID 19 a dhiagnóisniú. Ba chóir tréoir na Roinne Sláinte a leanacht.

- ❖ **Na páistí nár chóir freasatal ar scoil**:

Ní cóir dos na páistí a leanas freastal ar Scoil

- Páistí atá diagnóisithe le Covid 19 Páistí go raibh dlúth-theagmháil acu le duine diagnóisithe le Covid 19
- Páistí a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thortaí
- Páistí a bhí i dteagmháil le daoine a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thorthaí
- Páistí le fadhbanna sláinte go bhfuil treoir faighte fanacht sa bhaile Páistí atá tar éis filleadh ó bheith thar lear gur gá dóibh féin-leithliosú ar ready 14 lá
- Páistí a bhíonn breoite rialta.

Comharthaí Covid-19: Mar atá ar shuíomh na Roinne Sláinte
(https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/symptoms)

- Fiabhras (teocht ard 38céim Celsius)
- Casacht ar bith
- Giorra anála
- Athrú nó cailliúint ar an mbolú nó blaiseadh

Ag tacú le páistí nach féidir leo freastal ar scoil :
Cuirfear áiseanna agus gníomhaíochtaí cuí ar fáil do aon dalta nach féidir freastal ar scoil ar feadh tréimhse fada.Beidh siad seo ar fáil ar an suíomh scoile nó trí ríomhphoist.

Tionchar Chás diagnóisithe COVID 19 nó Cás amhrasta:
Má chuirtear in iúl don scoil go bhfuil cás diagnóisithe nó amhrasta i rang do pháiste:

- Cuirfear na tuismitheoirí ar fad sa rang ar an eolas faoi
- Leanfar treoracha na Roinne Sláinte.

Fearas roinnte:
Beidh gá fearas áirithe ranga ar nós taibléid, ríomhairí glúine, fearas Naíonáin, etc. a roinnt. Déanfar glantachán cuí ar an bhfearas seo rialta le laghdú ar riosca ionfhabhtaíoch agus a scaipeadh.

Clóis: Déanfaidh múinteoirí ranga/RSO agus cúntóirí riachtanais speisialta féitheoireacht sa chlós laistigh den bholgán ranga. Tabharfar deis do gach páiste a lámha a ní tar éis sosa. Beidh idir dhá nó trí rang sa chlós ag an am céanna ach **ní mheascfaidh siad lena chéile.**

Riachtanas Speisialta Oideachais:
Beidh meascán múineadh inranga agus lasmuigh den rang i bhfeidhm, ag tacú leis an bpolasaí scoile. Beidh na múinteoirí RSO ag obair laistigh de theorainn an bubble ranga.Beidh scaradh fisiciúil ar siúl idir an múinteoir ranga agus tacaíochta a fhad is atá siad ag obair le chéile sa seomra ranga.

Neamh láithreachtaí múinteoirí agus Ionadaíocht:
Má tá múinteoir as láthair, déanfar gach iarracht a chur ar fáil don rang. Muna bhfuil ionadaí ar fáil don rang, ní roinnfear an rang i ngrúpaí le cur go ranganna eile. Beidh seans ann nach mbeidh na páistí in ann freastal ar scoil an lá sin agus cuirfear é seo in iúl do thuismitheoirí comh luath agus is féidir.

Obair Bhaile
Ní bheidh aon obair bhaile do mhí Mheán Fómhair mar táimid ag cur béim ar Sláinte agus Folláine sa scoile agus ba mhaith linn an phlean athoscailt a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go simplí chun gach duine a choiméad sábhailte.

Corpoideachas:
Beidh ranganna corpoideachais ar siúl lasmuigh agus bainfear úsáid amháin as an bhfearas a bheadh dáilte roimh ré ar an rang áirithe.

Tá foireann na scoile tar éis oibriú go dian chun an scoil a ullmhú go cuí do fhilleadh sábháilte do pháiste.Iarraimid oraibh leanacht ag tacú linn chun gach éinne a choimeád slán.

Naíonáin Shóisearacha

a) Tosnóidh na Naíonáin Shóisearacha ag 9:15 don chéad mhí.
b) Tá tuismitheoir/caomhnóir amháin ceadaithe ar an suíomh do gach páiste. Ní bheidh cead ag aon tuismitheoir teacht isteach chun na scoile.
c) Críochnóidh Naíonáin Shóisearacha ag na hamanna seo a leannas don chéad mhí:

Am Tosnaithe do Naíonáin Shóisearacha

Lúnasa & Meán Fomhair 2020

Dé Luain *Monday*	Dé Máirt *Tuesday*	Dé Céadaoin *Wednesday*	Deardaoin *Thursday*	Dé hAoine *Friday*
			27/08 9.15 - 11.30	**28/08** 9.15 - 11.30
31/8 9.15 - 12.00	**1/9** 9.15 - 12.00	**2/9** 9.15 - 12.00	**3/9** 9.15 - 12.00	**4/9** 9.15 - 12.00
7/9 9.15 - 12.30	**8/9** 9.15 - 12.30	**9/9** 9.15 - 12.30	**10/9** 9.15 - 12.30	**11/9** 9.15 - 12.30
14/9 9.15 - 1.35	**15/9** 9.15 - 1.35	**16/9** 9.15 - 1.35	**17/9** 9.15 - 1.35	**18/9** 9.15 - 1.35
21/9 9.15 - 1.35	**22/9** 9.15 - 1.35	**23/9** 9.15 - 1.35	**24/9** 9.15 - 1.35	**25/9** 9.15 - 1.35
28/9 9.15 - 1.35	**29/9** 9.15 - 1.35	**30/9** 9.15 - 1.35	**01/10** 9.15 - 1.35	**02/10** 9.15 - 1.35

Daily Timetable for Classes in the Green Zone

Am Chláracha do na Ranganna sa Zón Glas

a) Na Naíonáin Shinsearacha (Senior Infants)

8.40	Am Tosnú / Start Time
8:40 – 10:30	Formal Teaching Instruction Time
10:30 – 10.40	Am Sosa / Break Time
10:40 - 11:40	Formal Teaching Instruction Time
11:40 – 11:55	*Story-time &* *Ag ithe sa rang/ Eating Lunch*
11:55 – 12:25	Sa chlós / In the Yard
12:25 – 1:20	Formal Teaching Instruction Time
1.20	Am Dul Abhaile

b) Rang 1, 3, 6

8.40	Am Tosnú/ Start time
8:40 – 11:40	Formal Teaching Instruction Time
10:30 – 10.40	Am Sosa/ Break time
10:40 – 11:40	Formal Teaching Instruction Time
11:40 – 11:55	*Obair Bhaile/ D.E.A.R.* *Ag ithe sa rang – Eating Lunch*
11:55 – 12:25	Sa chlós / In the Yard
12:25 – 2.20	Formal Teaching Instruction Time
2.20	Am Dul Abhaile

Daily Timetable for Classes in the Blue Zone
Am Cláracha do na Ranganna sa Zón Gorm

a) Naíonáin Shóisearacha (Junior Infants)

8.55	Am Tosnú
10:50 - 11:00	Am Sosa
12:15 – 12:30	Obair Bhaile/ D.E.A.R. Ag ithe sa rang
12:30– 1:00	Sa chlós
1.35	Am Dul Abhaile

b) Rang 2, 4, 5

8.55	Am Tosnú
10:50 - 11:00	Am Sosa
12:15 – 12:30	Obair Bhaile/ D.E.A.R. Ag ithe sa rang
12:30– 1:00	Sa chlós
2.35	Am Dul Abhaile

Le meas,

Seán Mac Cárthaigh & Caitríona Ní Choigligh

Nóta: D'fhéadfadh an plean seo athrú agus tá seans go ndéanfaí athbhreithniú air. Táimid fíor-bhuíoch don tuiscint agus don fhoighne.